# Scéal, Scéal, Scéal...

COIS FHARRAIGE
fóram um pleanáil teanga

**11 Bealtaine 2023** || Eagrán 146

*Scéilíní, nuaíocht agus fógraí as Cois Fharraige.*

## Nóta ó na hOifigigh Pleanála Teanga



**Ba mhaith linn focal buíochais a ghabháil le pobal Chois Fharraige as ucht an tacaíocht agus cúnamh a thugtar don Fhóram i gcónaí. Tá Plean Teanga Chois Fharraige á chur i bhfeidhm le trí bliana anuas anois agus níl aon amhras ach go bhfuil ról suntasach ag muintir na háite sa phróiseas sin. Tá muid i gcónaí ag iarraidh a chloisteáil uaibh - agus aon mholtaí atá agaibh a chloisteáil. Ar scáth a chéile a mhaireann muid, ar ndóigh!**







# AN BUGAÍ BEOGA





Cuireadh tús leis an mBugaí Beoga le gairid sa Spidéal! Seisiúin aclaíochta, éadrom é seo a thugann deis do dhaoine fásta dreas acalíochta a dhéanamh i gcomhluadar na bpáistí. Tá na seisiúin feiliúnach do thuismitheoirí le gasúir atá níos sine ná 6 seachtaine d'aois. Fáilteofar roimh Mhamaí, Daidí, Mamó, Daideo nó cúramóir. Tá muid ag súil libh a fheiceáil!

# FOLÚNTAS AG TEARMANN ÉANNA

Tá Bainisteoir Ginearálta á lorg ag Tearmann Éanna CTR. Beidh an bainisteoir lonnaithe i gceannáras na heagraíochta ar An Tulach, i mBaile na hAbhann, Co. na Gaillimhe. Freagrach do Choiste Stiúrtha Thearmann Éanna CTR a bheas an té a éiríonn leo. Éilíonn an post seo duine díograiseach le taithí cruthaithe acu ag leibhéal sinsearach agus scileanna eagrúcháin a thuillfidh iontaoibh ón bhfoireann, ó úsáideoirí seirbhíse agus ó eagraíochtaí Stáit. Is í an Ghaeilge teanga oibre Tearmann Éanna agus mar sin tá sé riachtanach go mbeadh Gaeilge den scoth ag an té a cheapfar, idir labhairt agus scríobh na teanga. Is féidir litir iarratais agus CV maraon le cuntas gairid (100 focal ar a mhéid), ar do chuid torthaí cruthaithe ag leibhéal bainistíochta, atá ábhartha don ról, a sheoladh chuig runai@tearmanneanna.ie roimh an 4i.n. Aoine, 26ú Bealtaine 2023. Má tá níos mó eolais ag teastáil, is féidir teagmháil a dhéanamh leis an eagraíocht ag an seoladh thuas.

# ÉISTEACHTAÍ ROS NA RÚN

Beidh éisteachtaí á reáchtáil ag Ros na Rún go luath! Beidh foireann an chláir ag taisteal timpeall na tíre sa tóir ar aisteoirí nua. Tá meascán de rólanna difriúla i gceist, idir fhir agus mhná atá os cionn 18 mbliana d'aois. Má tá suim agat éisteacht a dhéanamh seol ríomhphost chuig leiriuchain@rosnarun.com nó glaoigh ar 091 558400





# SIÚLÓID CHUIMHNEACHÁIN d'EIMEAR NÍ CHONGHAILE

Beidh siúlóid chuimhneacháin d'Eimear Ní Chonghaile ar siúl ar an Satharn 20 Bealtaine @ 12 meán lae. Rachaidh an siúlóid ó Choláiste Chonnacht, ar aghaidh go dtí An Chéibh Nua agus go dtí An Crúiscín Lán mar chríoch. Beidh airgead á bhailiú do Childline ar an lá. Beidh soláistí ar fáil ag an gCrúiscín Lán ina dhiaidh. Ócáid speisialta a bhéas ann don phobal le teacht le chéile i gcuimhne ar Eimear. Suaimhneas síoraí dá hanam.




# OIFIGIGH NUA AR AN GCUMANN FORBARTHA

Ainmníodh Seathrún Ó Tuairisg ó Na hAille ina Chathaoirleach nua ar Chumann Forbartha Chois Fharraige le gairid. Roghnaíodh Donncha Ó hÉallaithe mar Rúnaí agus Mamie Ní Chualáin mar Leas Rúnaí. Síle Ní Scanláin a roghnaíodh mar Chisteoir le Máire Áine Mhic Dhonnacha mar Leas Chisteoir. Dúradh go raibh go leor bainte amach ag an gCumann ón bPlean Oibre a socraíodh bliain ó shin. Tá sé mar rún ag Seathrún brú ar aghaidh le tograí éagsúla ar nós Coill Phobail a fhorbairt sa gceantar. Beidh toscaireacht ón gCumann Forbartha ag castáil le Príomhfheidhmeannach Nua Údarás na Gaeltachta, Tomás Ó Síocháin, go luath le roinnt ábhar a phlé agus le tacaíocht an Údaráis a iarraidh don obair fhorbartha pobail a bhíonn ar bun ag an gCumann.


Ióga Vinyasa
Déardaoin 6:30 - 7:45pm
Súil Eile Space, Bearna
www.sruthyoga.com

# MEAIG CHURRAIDHÍN AR SHLÍ NA FÍRINNE

Bhásaigh Mairéad Uí Fhéinneadha, baintreach Steve Mhaidhc Ned as an bPáirc Láir, An Spidéal, Meaig Churraidhín as na hAille, Indreabhán ó dhúchas ar an 3 Bealtaine 2023. Maireann a clann, Máire, Áine, Nóirín agus a mac Maidhc, bean Mhaidhc Ulrike, a cliamhaineacha, John agus Michael. Rugadh Meaig sa mbliain 1921 sna hAille breis is 100 bliain ó shin, duine d'ochtar clainne a bhí ag Pádraic Mháirtín Sheáin Mhurchadha agus Nóra Aindí Ní Choistealbha as an gCaorán. An mhí seo caite bhí 102 bliain slánaithe aici. Bhí sí ag obair i Sasana le linn an Chogaidh, i monarcha ach chaith sí tréimhse ag obair le Great Western Railways ag tiomáint vaigíní lastais agus ina dhiaidh sin mar stiúrthóir bus is tram. D'fhill sí ar na hAille i 1953 le cúnamh a thabhairt sa mbaile agus casadh Steve Mhaidhc Ned Ó Finneadha uirthi ón bPáirc agus phósadar. Fuair a fear céile bás i 1998. Thóg sí ceathrar clainne: Máire, Nóra, Áine & Maidhc agus bhí 14 garchlann aici. Suaimhneas síoraí lena hanam.

# MÚINEADH NA GAEILGE DO DHAOINE FÁSTA

Tá scoláireachtaí á thairiscint ag an bhFóram don chúrsa: 'Múineadh na Gaeilge do Dhaoine Fásta' le hOllscoil Mhá Nuad. Cúrsa páirtaimseartha, ar líne atá ann. Tá sé oiriúnach dóibh siúd nach bhfuil aon taithí teagaisc acu, dóibh siúd ar bheagán taithí, agus dóibh siúd atá ag múineadh na Gaeilge le fada ach atá ag iarraidh cur lena gcuid scileanna. Iarrtar suim a léiriú ach teagmháil a dhéanamh le optchoisfharraige@gmail.com roimh an gCéadaoin 17 Bealtaine.

# BAINISTEOIR NUA AG COMHLACHT FORBARTHA AN SPIDÉIL

Tá Pádraig Mac Diarmada, ó Na hAille, Indreabhán, ceapaithe ina Bhainisteoir Ginearálta Nua ag Comhlacht Forbartha An Spidéil. Le bliain anuas bhí athstruchtúrú á dhéanamh ag an gcomhlacht. I ráiteas a d'eisigh an Comhlacht Forbartha dúirt Pádraig go bhfuil sé "ag tnúth go mór le obair i gcomhar le muintir an ceantar feidhme chun fís na stiúrthóirí don Spidéil agus don ceantar i gcoitinne a bhaint amach". Dúirt Stiofán Mac Suibhne, Cathaoirleach Comhlacht Forbartha an Spidéil, gur ceapachán tábhachtach é seo, ní hamháin don chomhlacht ach don cheantar feidhme. Ghabh sé buíochas le Údarás na Gaeltachta as a dtacaíocht leis an bpróiseas earcaíochta agus as an maoiniú a thugtar don chomhlacht "mar gan é ní bheadh an ceapachán indéanta". Beidh Pádraig ag tosú sa ról nua sa Spidéal ar 29 Bealtaine. Comhghairdeachas leat, a Phádraig!

# FÉASTA CEOIL AN SPIDÉIL

Beidh an grúpa cáiliúil 'Cherish the Ladies' - a bhfuil cáil idirnáisiúnta orthu - i Stiúideo Cuan ar an Aoine 19 Bealtaine, in éineacht leis an bhfliúiteadóir chumasach Joanie Madden. Deireadh seachtaine na Cincíse, 2/3 Meitheamh, tiocfaidh deireadh le Féasta Ceoil An Spidéil, nuair a bheas triúr ceoltóirí cumasacha ag casadh: Edel Fox (Concertina), Neill Byrne (Fidil) agus Macdara Ó Faoláin (giotár agus banjo). Le 4 mhí anuas tá scoth na gceoltóirí meallta ag Stiúideo Cuan go Cois Fharraige le casadh san ionad álainn atá réitithe amach go speisialta le haghaidh ceoil. Treise libh, a chairde!



# FÉILE NÁISIÚNTA SCOILDRÁMAÍOCHTA

D'éirigh thar barr le scoileanna Chois Fharraige ag an bhFéile Náisiúnta Scoildrámaíochta, a bhí ar bun i Muileann gCearr an tseachtain seo. Seo iad na drámaí ar éirigh leo an gradam náisiúnta a fháil ag an bhféile:

An Cochaillín Dearg' – Scoil Cholmcille, Ros a' Mhíl.
'Cóilín an Chnoic' – Scoil Sailearna, Indreabhán.
'An Chéad Dráma' – Coláiste Chroí Mhuire, An Spidéal.
'Níl Cuma ná Caoi' – Scoil na Tulaí.
'Bóithrín na Smaointe' – Scoil na Tulaí.

Chomh maith le sin, roghnaíodh Scoil na Tulaí leis an duais a fháil don Bhunscoil Ghaeltachta is Fearr. Is i bPáirc an Chrócaigh a bheas na duaiseanna á mbronnadh ar na buaiteoirí go léir ar an gCéadaoin 17 Bealtaine. Comhghairdeachas ó chroí leis na scoileanna - na gasúir, na múinteoirí agus na foirne uilig a thug cúnamh, tacaíocht agus treoir agus na hullmhúcháin uilig á dhéanamh don chomórtas.





# Blas Meala

## Údar & Beachaire

## SIMON Ó CRÓINÍN


## Ceoltóirí as Ráth Chairn

**TIGH MHOLLY**

**12 Bealtaine**

**@ 8 i.n.**

**Fáilte roimh chách**




á eagrú ag

Club Leabhar Chois Fharraige

clubleabharcf@gmail.com

Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

Ciste Spreagtha

Conradh na Gaeilge

Seachtain na Gaeilge le energia

An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media